

RIALTAS LÁN DAIRÍRE FA'N IARTAR

(AR LEAN.)
ATHRAITHE

Gan amhras, is mó athrú atá tagtha ar fheirmeoireacht agus ar eacnamaíocht na tíre, ar thithe, ar bhóithre, ar chóiríochtaí taistil, agus ar gach gné de shaol na ndaoine le caoga bliain anuas. Is beag uirlis a bhí le feiceáil ar na feirmeacha beaga in Iarthair na hÉireann an uair úd, ach amháin an rámhainn nó an laí, an céachta capaill, an speal, agus in áiteacha, an t-inneal bainte, agus ní rabhadar sin go róchoitianta ach an oiread. Mar chóiríochtaí taistil ba bheag rud a bhí acu ach an trucaill chapaill nó capall maraíochta nó rothar nó an traen. Maidir leis na tithe a bhí faoin tuaithe, bhí a lán díobh go dorchá míchompordach agus gan i gcuid acu ach botháin cheanntuá agus iad ag titim as a chéile. Ní minic a théadh muintir na tuaithe lasmuigh dá gceatache féin. Ní dhéanais é ach amháin nuair a bhídis ag glanadh amach go dtí Aimeirice nó go dtí Sasana chun sli bheatha níos fearr a bhaint amach dóibh féin thar lear.

GLÉASRA NUA AIMSIRE

Agus cad atá le feicteáil againn sa tuaithe inniu—aibhléis ar fud na tíre beagnach; meaisíní nua-aimseartha faoin tuaithe agus sna bailte móra; a lán tithe nua agus iad go slachtmhar compordach; an raidió in a lán de na tithe chun scéala an lae, agus cainteanna, agus ceol, agus siamsaíochtaí a chur ar fáil do na daoine; busanna ar na bóithre agus eitealláin sa spéir; oispidéil mhaith i ngach contae agus seirbhís sláinte; éadaí níos fearr ar na daoine agus a ndóthain le n-ól agus le n-ithe acu. Tá dul chun cinn déanta leis i gcúrsaí tionscail—féach mar shampla an mhonarcha siúire i dTuaim, na monarcháin nua i gContae an Chláir, na hoibreacha atá ar siúl ag Bord na Móna i gContae Mhuigheo, i gContae Chiarraí, i gContae Dhún na nGall agus mar sin de. An gceidfeadh éinne caoga bliain ó shin go mbeadh aerfort mór i gContae an Chláir inniu nó go mbeadh aibhléis le fáil ó na haibhneacha agus ó na portaigh sa chuid is mó de na tithe sa tír?

NÍL RUDAÍ I gCEART

Ní bréag a rá go bhfuil feabhas mór tagtha ar shaol na ndaoine ach ní hionann sin is a rá go bhfuil gach rud i gcóir agus i gceart. Níl ar ndóigh. Is amhlaidh atá na daoine óga ag tréigean na tuaithe go fóill agus atá an imirce ón Iarthair go róthrom ar fad. Ní féidir sásamh aigne ar bith a bheith againn go bhfaighimid leigheas éigin ar cheist seo na himirce.

FATHANNA IMIRCE

Is fíor go bhfuil difríocht mhór idir na fathanna leis an imirce anois agus na fathanna leis san naoú aois déag. Sa chéad seo ghabh tharainn, ba iad an gorta agus an bochtanas ba bhun leis an imirce. Ba bheag a bhí ó na daoine san am sin ach a ndóthain le n-ithe, gnáthéadaí le caitheamh agus botháin chun cónaithe. Tá a mhalaire de scéal ar fad ann anois agus teastaíonn airgead ó na daoine óga chun éadaí galánta a cheannach, chun dul go dtí rince agus go dtí na pictiúirí sna bailte móra, agus chun siamsaí agus caitheamh aimsire de gach uile shórt a bheith acu. Ceapann siad go bhfuil sé de cheart acu saol chomh breá a bheith acu agus a bhíonn ag gach aicme eile den phobal agus ní féidir a rá nach bhfuil seo tuille acu. Ach is deacair na costais bhreise is gá, chun saol mar seo a thabhairt dóibh, a bhaint as na gabhálaí bheaga de dhroch-thalamh atá flúirseach fós i gcuid mhaith de na Ceantair Chúnga.

IMIRCE AGUS IONCAM

Ní hionadh, dá bhrí sin, go bhfuil dhá cheist mhóra ag déanamh inni don Rialtas le tamall maith anuas—(1) An chaoi le ioncam na ndaoine faoin tuaithe, agus go mórmhór ion-

cam na bhfeirmeoirí beaga sna Ceantair Chúnga, a mhéadú agus (2) an chaoi le méid na himirce a laghdú. Ceisteanna acraannacha iad seo atá ag déanamh buartha, ní hé amháin don Rialtas in Éirinn, ach do Rialtais ar fud an domhain. Tá na daoine ag tréigean an talaimh i ngach tír beagnach agus de réir figiúirí a foilsíodh le déanaí d'éirigh ceithre mhiliún duine as an bhfeirmeoireacht i dtreimhse ocht mbliain i dtíortha an Chomh-mhargaidh (EEC).

COISTE IDIRRANNACH

- Sa bhliain 1961 do bhunaigh an Rialtas Coiste Idirannach um Fhadhbanna na bhFeirmeacha Beaga san Iarthair chun na ceisteanna seo a scrúdú agus chun leighseanna a mholadh chomh fada agus ab fheidir é. Chuir an Coiste tuarascáil amach bilain ina dhiaidh sin, ina raibh a lán moltaí tábhachtacha. Seo cuid de mholtaí an Choiste:—
- (1) Cumhachtaí breise a thabhairt do Choimisiún na Talún ionas go bhféadfaí gabhálaí bheaga bhochta san Iarthair a mhéadú agus a chur in oiriúint don saol atá ann anois.
 - (2) Seirbhísí oideachais a leathnú agus na seirbhísí comhairleacha a neartú agus a fheabhsú chun oiliúint níos fearr a thabhairt do lucht na tuaithe idir fhearaibh agus mhnáibh.
 - (3) Portaigh agus sléibhte agus taitle neamhthorthula eile a thabhairt chun mintíreachais agus feabhsú a dhéanamh ar Thionscadal na Talún i dtreo is go mbeidh sé níos éifeachtula chun cabhairthe le feirmeoirí beaga an Iarthair.
 - (4) Déiríocht agus tógáil mhuc agus dianshaothrú an talaimh a spreagadh i ngach áit feiliúnach san Iarthair.
 - (5) Córas Comharchumann a fhorbairt san Iarthair.
 - (6) Iasachtaí airgid a bheith le fáil níos éasca ag feirmeoirí ón gCorporáid Cáirde Talmhaíochta.
 - (7) Na rialacha a bhaineann leis an gcúnamh difhostaíochta a athrú ionas nach spreagfaidh sé díomh-aointeas agus nach gcuirfidh sé isteach ar tháirgeach talmhaíochta.
 - (8) Tionsclaíocht, Déantúis bhaile, Iascaireacht, Fóraoiscaht, Cuartaíocht, agus mar sin de, a fhorbairt chun tuilleadh oibre a chur ar fáil do na daoine nach féidir leo slí bheatha a bhaint amach as an bhFeirmeoireacht.
 - (9) Na hoifigigh i ngach contae a theacht le chéile go rialta agus fóireann forbartha a dhéanamh díobh féin; dlúthbhaint a bheith ag na foirne seo leis na heagraíochtaí tuaithe neamhspleacha.

COISTE TALMHAÍOCHTA

Cúis áthais domhsa a rá go bhfuil an chuid is mó de na moltaí seo curtha i bhfeidhm ag an Rialtas cheana. Do ritheadh Acht nua talaimh le déanaí agus, toisc na cumhachtaí atá san Acht seo, beidh Coimisiún na Talún in ann dul ar aghaidh níos tapúla as seo amach le ceannach agus le hathroinnt talaimh chun feirmeacha beaga a mhéadú agus chun deis a thabhairt do na sealbhoirí slí bheatha réasúnta maith a bhaint amach dóibh féin. Tá bearta i bhfeidhm chun oideachas a fheabhsú agus tá an Roinn Talmhaíochta agus Iascaigh ag tabhairt i bhfad níos mó cúnamh anois do na Coistí Talmhaíochta san Iarthair ionas go mbeidh ar a gcumas cur le líon na dteagascóirí (iocann An Roinn Talmhaíochta agus Iascaigh 75 faoin gcéad de thuarastail na dteagascóirí san Iarthair i gcomparáid le 50 faoin gcéad sa chuid eile den tír). Tá scéim nua curtha i bhfeidhm ag an Roinn Talmhaíochta agus Iascaigh chun cuidiú le feirmeoirí go bhfuil talamh sléibhe acu agus tá deontais le fáil anois acu más mian leo talamh sléibhe a fháil agus a fheabhsú le haghaidh tógáil caorach ar mhodhanna nua-aimsire.

UACHTARLANNA NUA

Osclaíodh seacht nuachtarlann nua san Iarthair sna blianta deireannacha seo agus tá sé cinn eile á dtógáil nó á n-eagrú faoi láthair. Tá súil againn go rachaidh an déiríocht chun cinn san Iarthair agus

go mbainfear úsáid as an mbainne bearrtha, a bheidh ag teacht ó na huachtarlanna nua, chun tuilleadh muc a fhógáil. Tá Comhlucht Siúice Éireann ag iarraidh tionscail phróiseála bia a bhunú in áiteacha feiliúnacha. Tá feabhas curtha ar na saoráidí atá ann chun iasachtaí airgid a fháil le haghaidh feirmeoirí-eachta. Tá a dhá oiread coillte á bplandáil san Iarthair anois is a bhí deich mbliana ó shin agus tá 40 faoin gcéad d'fhoraoiseacht iomlán na tíre ar siúl san Iarthair. Táimid ag déanamh ár ndíchill chun tionscal na hiascaireachta a chur ar aghaidh agus tá deontais agus iasachtaí airgid ar théarmaí fábh-racha le fáil ag iascairí ón mBord Iascaigh Mhara chun báid agus trealamh a cheannach agus, ina theannta sin, tá an Bord ag iarraidh na modhanna margaíochta a fheabhsú. Maidir le tionscail eile, tá fhios ag gach éinne go bhfuil téarmaí speisialta le fáil ón Rialtas ag lucht tionscail atá toilteanach monarchain nua a chur ar bun in Iarthair na hÉireann.

TURASÓRACHT

Tá ráite agam cheana go bhfuil maoin aiceanta ganchnúiseach in Iarthair na hÉireann. Ach do bhronn Dia sléibhte bréatha maorga, locha áilne, trána fairsinge sábháilte agus aibhneacha maithé iascaireachta, ar Iarthair na hÉireann agus d'fhéad-faimis foinsí saibhris a dhéanamh díobh seo trí cuairteoirí a mheal-ladh chugainn ón gcoigrích. Tá tionscal na cuartaíochta ag dul chun cinn in aghaidh na bliana ach tá a lán le déanamh fós chun an tionscal seo a fhorbairt mar ba chóir. Tabharfaidh an Bord Fáilte gach cuidiú chun líon na gcuairteoirí go dtí an Iarthair a mhéadú.

Rud eile, tá sáoir na rialacha a bhaineann le cúnamh difhostaíochta a athrú ionas nach gcuir-fear isteach ar tháirgeach talmhaíochta. Dá mhéid obair a dhéanfaidh feirmeoir beag ar an talamh agus dá mhéid teacht isteach a bheidh aige as an bhfeirmeoireacht feasta is ea is fearr dó féin é, mar ní chaillfidh sé pingin rua de chúnamh difhostaíochta dá bharr.

I LÁR NA TÍRE

Cuid de na bearta nua atá á gcur i bhfeidhm sna Ceantair Chúnga, tá siad á gcur i bhfeidhm i gContae an Chabháin, i gContae Mhuineacháin agus i gContae Longphoirt chomh maith, toisc a lán feirmeoirí beaga a bheith sna contaethe seo agus toisc cuid mhaith drochthalamh a bheith iontu. Mar shampla, ioctar 75 faoin gcéad de thuarastail na dteagascóirí leis na Coistí Talmhaíochta seo in ionad an 50 faoin gcéad a ioctar leis na contaethe níos saibhre.

LÁN DAIRÍRE

Is léir ón méid atá ráite agam go bhfuil an Rialtas lán dairíre i dtaobh ceist seo an Iarthair agus go bhfuil rún daingean acu gach ní réasúnta a dhéanamh chun na fadhbanna atá ann a réiteach. Cé go bhfuil cuid mhaith á déanamh, nílimid sásta nach féidir breis a dhéanamh ach tuilleadh eolais a bheith againn ar na fadhbanna seo. Dá bhrí sin, tá an Rialtas agus na Ranna Rialtais ag déanamh dianstaidéir go fóill ar fhadhbanna an Iarthair agus beidh fáiltí is fiche roimh thairiscintí praiticiúla eile d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm sna ceantair sin. Is amhlaidh atá an taighde seo ar siúl in a lán slite i láthair na huaire.

LIMISTÉAR PIOLÓITE

Sa chéad dul síos, do moladh don Rialtas go gcuirfí treoirlimistéar (nó limistéar piolóite) ar bun i gcontaethe áirithe. Tar éis don Choiste Idirannach an cheist seo a scrúdú go cúramach, do mholadar treoirlimistéar amháin a bhunú i ngach contae de na Ceantair Chúnga agus i gContae an Chabháin, i gContae Mhuineacháin agus i gContae Longphoirt chomh maith. B'é tuairim an Choiste gur cheart 200 go dtí 400 feirmeoir a bheith i dtreoirlimistéar agus comhairleoir lán-aimsire a chur ann. Is é an príomh-chuspóir atá leis an scéim seo ná a thaispeáint cad is féidir a dhéanamh nuair a chuireann feirmeoirí le



Dé hAoine—5.01, Children at the Microphone. 5.30, Ten Weeks with a Circus. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Jazz Sax. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Donal O Corcora. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around The Town.

Dé Sathairn—5.01, Piano Music For Young Listeners. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather

Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Reacaireacht an Riadaigh. 7.45, Thackeray's Cork. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, Concert Hall. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 12.30, Hebridean Journey. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, Ceolta Tíre. 3.05, All-Ireland Hurling Final: Wexford v. Tipperary. 4.35, An Coiciocan. 5.05, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhús. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. **Double Bill:** 8.0, The Folding Machine: Play. 8.40, The Indian: Play. 9.20, Passacaglia. 9.30, Let's Take a Look. 10.00, Newpoint. 10.20, News. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital.

Dé Luan — 5.01, Out of Doors. 5.15, Songs With Guitar. 5.30, Ten Weeks With a Circus. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Question Time in Cork. 8.01, **Athlone Wavelength:** Whom The Gods Love. 8.30, The Royal Barrymores. 8.45, The Poets As Critics. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. **Dublin & Cork Wavelengths:** 8.01, Ernani. **All Wavelengths:** 10.30, Late But Light. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart—5.01, Ceol Rinnce. 5.15, Spinasilken. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, Yeats At Ballylee. 8.30, Miriam Lucas. 9.1, Symphony Concert. 10.30, My Sweet County Clare.

Dé Ceadaoin — 5.01, Grubsy. 5.15, Records For Children. 5.30, Birthday Time. 5.45, Our Lady's Birthday. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall Tonight. 7.30, Break For Music. 8.1, Round Table on World Affairs. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Ceili Music from Munster. 10.45, On the Way Home. 11.0, Pop Call.

Deardaoín — 5.01, Amhrain Do Phaisti. 5.15, Marie to the Rescue. 5.30, Wild and Woolly. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Question Time in Cork. 7.15, Annsó Is Annsud sa Mhúmhain. 7.30, An Stroinsear. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, W. B. Yeats and Ezra Pound. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Scéal Nua ar an Seanséal. 10.30, Thanks for the Memory. 10.45, Recital.

mise An ea?

Ba minic inni ar an baimseoir mar go raib air a lán ama a caitheam as, an oipis ar shó na comluécta. Uí inni air fán oóg a caitheam an cló-scriobáí a cur ama agus é as láthair. Arsa seisean léi, máirim amám agus é ar tí imeacht: "Tá súil agam nac suíonn tú ansin oíreac as utamail le oo méara i ríe an lae, fáv as tá mise amúis as an oipis? "Ní mise a óeapao sin," arsa sise go haerac. "Tá mo cúio cniocála agam agus an transiostar!"

MAIREACHTÁIL NÍOS FEARR

Tá beartaithe ag an Rialtas slithe maireachtála níos fearr a chur ar fáil do mhuintir an Iarthair agus galar na himirce a mhaolú chomh fada agus is féidir é. Is dóigh liom féin gurab iad fadhbanna an Iarthair na fadhbanna is tábhachtaí atá le réiteach againn i láthair na linne seo ach nó mór duinn-ne leanúint go díoghriseach dúthrach-tach den obair atá ar siúl go bhfaighimid réiteach orthu. Níorbh acmhainn don tír an iomad de mhuintir an Iarthair a chailliúint. Cé go bhfuil mórán déanta cheana féin, tá a lán le déanamh fós chun an caighdeán maireachtála a ardú, chun teacht isteach níos mó a chur ar fáil do na feirmeoirí beaga, agus chun breise oibre a chur ar fáil san Iarthair do na daoine óga go bhfuil orthu an talamh a thréigean. Ach creidim go bhfuilimid ar an mbealach ceart agus go n-éireoidh linn le cúnamh Dé, agus le buanseasmhacht in ár gcuid oibre, na cuspóirí atá againn a bhaint amach agus muintir an Iarthair a chur ar bhealach a leasa in ár dtír féin.